STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Pota Cócaireachta Folamh 19ú hAois

I gcás na ndaoine bochta i gceantair thuaithe na hÉireann b'ionann an teallach i dteachín beag cloiche agus ionad compoird agus slándála. Bhí pota mór tríchosach iarainn cócaireachta ar crochadh os cionn na tine móna. Faoin naoú haois déag bhí na soithí sin á n-olltáirgeadh den chuid is mó de réir stíle a bhain leis na meánaoiseanna; leanadh de bheith á n-úsáid go dtí lár an fichiú haois - fuarthas an sampla sé ghalún seo i gCorrlis Thoir, Grian, Co. Luimnigh, agus cheannaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann é sa bhliain 1965. Tháinig potaí den sórt seo chun bheith ina n-orthaí maireachtála. De réir an bhéaloideasóra Estyn Evans, nuair a bhí gach rud eile caillte ag daoine le linn bhlianta an Ghorta Mhóir - sa tréimhse 1845-9 - choinnigh siad greim ar an bpota cócaireachta.

Níor theagmhais annamha iad gortaí in Éirinn: d'fhéadfadh sé go raibh 30 gorta tromchúiseach ann sa tréimhse idir na blianta 1300 agus 1800, lena n-áirítear teip thubaisteach an bhairr prátaí sa bhliain 1740. Ós rud é go raibh an oiread sin daoine den daonra ag brath ar an bpráta, áfach - thart ar thrí mhilliún duine - bhí teacht fhungas dhúchan na bprátaí, phytophthora infestans, i mí Lúnasa 1845, ina chúis leis an ngorta ba mheasa i stair na hÉireann. An bhliain sin, bhí an tríú cuid den bharr lofa agus do-ite; faoin mbliain 1847, bhí an chuid is mó de na prátaí síl ite ag daoine nach raibh aon bhia eile acu. Sa chéad bhliain den ghorta, ghníomhaigh rialtas na dTóraithe, faoi cheannas Robert Peel trí luach £100,000 de mhine bhuí a thabhairt isteach ó na Stáit Aontaithe agus trí chlár oibreacha poiblí a bhunú. Lean lucht riaracháin na Liobrálaithe, faoi cheannas an Tiarna John Russell, a ghlac oifig sa bhliain 1846, den chlár oibreacha ach bhí drogall orthu cur isteach a dhéanamh ar fhórsaí an mhargaidh. Mar thoradh ar idé-eolaíocht laissez-faire, ar dhiagacht shoiscéalach 'trí dheonú Dé', ar dá réir a tuigeadh an gorta mar bhealach Dé chun duáilcí na nÉireannach a cheartú, agus ar cúlú dian eacnamaíochta sa Bhreatain, bhí scála agus luas na freagartha oifigiúla an-teoranta. Cé go raibh iarrachtaí móra á ndéanamh ag roinnt eagraíochtaí príobháideacha, go háirithe Cumann na gCarad (na Caecair), chun beatha daoine a shábháil, dhiúltaigh an rialtas stop a chur le honnmhairiú bia as Éirinn - rud ba chúis le searbhas le blianta fada ina dhiaidh sin.

I bhFeabhra 1847, cuireadh idé-eolaíocht agus diagacht ar leataobh agus bunaíodh cistineacha poiblí chun bia a chur ar fáil do dhaoine a bhí stiúgtha leis an ocras gan obair a éileamh uathu i gcomaoin air sin. I Meán Fómhair, áfach, dhearbhaigh an rialtas nach gcuirfí aon fhaoiseamh eile ar fáil ach amháin i dtithe na mbocht a bhí plódaithe agus mífholláin cheana féin.

Ós rud é go raibh daoine breoite agus daoine ocracha á gcur in éineacht lena chéile cruthaíodh dálaí idéalacha do leathadh na ngalar a mharaigh níos mó daoine ná mar a rinne an t-ocras ina aonar - go háirithe tífeas agus fiabhras athfhillteach. Ní raibh deireadh leis an bhfulaingt; faoin mbliain 1850, bhí 100,000 tionónta á gcur as seilbh sa bhliain ag tiarnaí talún a bhí faoi bhrú mar thoradh ar chánachas ardaitheach agus ar laghdú ar ioncam ó chíosanna.

Fuair thart ar milliúin duine bás (cion i bhfad níos mó ná mar a bhí i gceist le linn aon ghorta eile a bhfuil eolas ann ina leith) agus chuaigh líon comhchosúil daoine ar imirce.Treisíodh go mór na pátrúin ollimirce. Mar gheall ar dhíothadh aicme na gcoiteoirí, tháinig athrú ar an struchtúr sóisialta agus ar an gcultúr a bhain leis an struchtúr sin - bhí cion díréireach cainteoirí Gaeilge ann i measc na ndaoine a fuair bás nó a d'imigh ar imirce. Tháinig Éire nua chun cinn tar éis na tubaiste de réir mar a ghlac feirmeoirí mairteola Caitliceacha seilbh ar an talamh a bhí folamh. Tháinig deireadh leis an ngorta ach, i dtaca leis na hábhair sin de, níor imigh sé ar fad.